Massey, S. L. 2013. From the reading rug to the play centre: Enhancing vocabulary and comprehensive language skills by connecting storybook reading and guided play. *Early Childhood Education Journal*, 41 (2), pp. 125--131.

Moline, S. (1995). *I See What you Mean: Children at Work with Visual Information*. Portland, ME: Stenhouse.

National Council for Curriculum and Assessment (2012). *Towards an Integrated Language Curriculum in Early Childhood and Primary Education*. Dublin: NCCA.

Reese, C. (1996). Story development using wordless picture books. *The Reading Teacher*, 50, pp. 172–173.

Stahl, K.A. (2014) Fostering Inference Generation With Emergent and Novice Readers. *The Reading Teacher*, 67 (5), pp. 384—388.

Van Kraayenoord, C. E., & Paris, S. (1996). Story construction from a picture book: An assessment activity for young learners. *Early Childhood Research Quarterly*, 11, 41–61.

Yussen, S.R. and Ozcan, N.M. (1996). The development of knowledge about narratives. *Issues in Education: Contributions from Educational Psychology*, 2(1), 1-68.

Fónaic

TORTHAÍ FOGHLAMA

- Gnásanna cló
- Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach
- Fónaic agus aithint focal
- Líofacht agus féincheartú

Cineálacha Éagsúla Fónaice

- **Fónaic anailíseach:** Anailís a dhéanamh ar fhocail trí chur chuige ‘féach agus abair’. Clúdaítear túslireacha, túsfhoghair, rím agus teaghligh focal.
- **Fónaic shintéiseach:** Fuaimanna aonaracha agus a litreacha gaolmhara. Fuaimanna aonaracha a nascadh le focail a dhéanamh,

ag obair ó aonad fuaime go dtí focal iomlán. Bíonn páistí ag deighilt, ag cumasc agus ag múnlú léirithe comóna fuaime.

FÓNAIC SA LITEARTHACHT

Aithnítear an gá atá le teagasc fónaice mar chuid de theagasc na litearthachta. Is gné amháin de theagasc na litearthachta é teagasc na fónaice agus ba chóir na scileanna eile litearthachta a theagasc agus a dhaingniú mar aon le teagasc fónaice.

- **Fónaic theanga:** Díritear aird ar fhónaic i gcomhthéacs gach gné eile den litearthacht. Tosaítear le haithint fuaimanna aonaracha i bhfocail iomlána agus ansin cur i bhfeidhm cur chuige sintéiseach le deighilt agus cumasc fuaimanna le léamh agus le

litriú. Ag an tús, bíonn an obair ar fad i gcomhthéacs focail iomlána. Is cur chuige é seo a oireann don Ghaeilge, nó féachtar ar fhuaimanna i gcomhthéacs focail agus focal i gcomhthéacs abairte. Athraíonn fuaimanna na Gaeilge ag brath ar an áit a bhfuil siad san fhocal agus ag brath ar ghnéithe gramadaí na habairte. Déantar gach fuaim i gcomhthéacs.

Feasacht Fóineolaíochta

Tá na scileanna seo tábhachtach mar dhúshraith i bhfoghlaim na fónaice agus sa litearthacht go ginearálta.

- Aird, éisteacht agus forbairt teanga. Tá an teanga ó bhéal tábhachtach.
- Rithim i ndánta/rainn, an dóigh le buillí a léiriú. Tosaítear ag díriú ar shiollaí i bhfocail lena mbriseadh ina gcodanna lena léamh/scriobh.
- Rím i rainn, dánta agus scéalta. Aithnítear

Tagraíonnfeasacht fóineolaíochta don fheasacht a bhíonn ag duine ar struchtúr fóineolaíochta, nó ar struchtúr fuaime, focal. Áirítear ann tuiscintí ar fhocail, rím, siollaí, túsfhoghar, foghar deiridh agus fóinéimí.

Fónaic

fuaimeanna a dhéanann rím agus atá mar an gcéanna. Ansin, aithnítear an fhuaim chéanna ach í léirithe ar bhealaí éagsúla. Cuirtear tús ansin le focail a rangú de réir fuaime agus de réir litirithe.

- Fuaimeanna a aithint i bhfocail ó bhéal ar dtús agus ansin an léiriú litreach a aithint agus a cheangal leo. Bíonn páistí ag plé difríochtaí agus cosúlachtaí idir fuaimeanna agus focail.

Feasacht Fóinéimeach

- Tosaíonn siad ag deighilt agus ag cumasc focal trí dhíriú ar na fuaimeanna, aithníonn siad patrúin i bhfocail agus go mbíonn bealaí ar leith ag teanga le fuaimeanna a litriú.

An léargas gur féidir smaoineamh ar gach focal labhartha mar shraith fóinéimí. Ós rud é gurb iad fóinéimí na haonaid foghair a chuirtear in iúl le litreacha na haibítire, cuid thábhachtach de loighic na haibítire a thuiscint is ea an fheasacht gur sraith fóinéimí is ea gach focal. As sin tuigtear gur féidir fónaic agus litriú a fhoghlaim.

Fónaic

Moltar i gclár fónaice de chineál ar bith fuaimeanna a theagasc go cuimsitheach agus go leanúnach agus le struchtúr cinnte. Moltar tosú leis na fuaimeanna is coitianta agus leis na focail is lú agus is fusa díchódú. Má tá níos mó ná bealach amháin ann le fuaim a léiriú is fearr bealach amháin a theagasc agus a dhaingniú i dtús báire sula gcuirtear roghanna



roimh pháistí. Baineann an cur chuige seo le fuaim a chloisteáil i bhfocail agus ansin, an dóigh leis an bhfocal sin a léamh agus a litriú mar is ceart de réir choinbhinsiún litirithe na teanga.

Ba chóir go mbeadh ceachtanna fónaice gairid agus gasta agus iad i gcomhthéacs na léitheoireachta. Moltar go mbeadh páistí ag fiosrú an eolais agus iad ag léamh.

Fónaic

Gach Fuaim, Sampla Ultach

Léiríonn an tábla thíos na 36-41 fuaim atá sa Ghaeilge agus ansin na leaganacha malartacha den fhuaim sin, nó bealaí éagsúla leis an fhuaim chéanna a léiriú, ag brath ar chanúint. I gclár fónaice clúdaítear na fuaimeanna is bunúsaí (atá ag barr gach colún) ar dtús, agus ansin tosaítear ar na leaganacha malartacha. Tá miondifríochtaí idir cuid de na fuaimeanna atá sna rannóga seo, ach ar mhaithe le cumas léitheoireachta

agus litrithe na bpáistí a chur chun cinn tá siad sna rannóga céanna, ag súil is go bhfuaimnítear i gceart iad de réir na canúna. Tá leagan leathan (consain in aice le a, á, o, ó, u, ú) agus leagan caol (consain in aice le e, é, i, í) de gach fuaim ann. Mura bhfuil an difear idir an dá leagan seo suntasach ó bhéal is féidir iad a chlúdach sa rannóg chéanna. Tá ceithre l, n agus r i gCúige Uladh ach, arís, mura bhfuil an difear suntasach ó bhéal is féidir iad a chur le chéile. Léiríonn na línte sna colúin na miondifríochtaí.

Consain a Rangú

b	c	d	d	f	g	h	l	l	m	n	n	p
leathan bus i bpota b'fhada	leathan cat poc	leathan dath fada i dtaca d'fhan	caol dílis íde i dtír jip d'ith	leathan fada graf phota	leathan gan bog i gcúl dul	leathan hata chun thar shos	leathan lá halla	caol leis eile	leathan mála cam i mbord m'Aintín	leathan na donn ár n-arm	caol ní linn i ndiaidh ár n-iasc	leathan pota trup
caol bís pib b'fhearr	caol cic glic			caol fite sifin phib	caol glic smig i gcrích	caol ní hé thig féin	blas asal	mill leac	caol im i mbinse m'intinn	lán i ndath	sin cine	caol pís cipín

Fónaic

r	r	s	s	t	t	z	ch	ng	dh	dh	bh	bh
leathan rá carr	caol rich cúl an chairr	leathan sásta fás	caol sí milis	leathan tóg cóta tsráid	caol te tit	leathan zú ózón	leathan chas loch	leathan rang bun na ngob	leathan mo dhán mo ghúna	caol de dhíth an ghé	leathan an bhó róbhog i bhfocal mo mhála ramhar	caol bhí sibh a mhic nimh i bhfis vitimín
tar cnoc	cuir cneasta						caol mo chiste oíche ith	caol tarraing fuaim na ngíog				

Tá an líon is mó leaganacha malartacha leis na gutaí fada sa Ghaeilge. Arís, clúdaítear na leaganacha is fusa agus is coitianta ar dtús roimh thosú ar na leaganacha malartacha. Tá dhá **ó** i gCúige Uladh. Is ionann an fhuaim atá ag **a/á** agus **o/ó** i roinnt focail ach tá difear san fhad. Is ionann an schwa agus

an guta láir, gan fiacla nó teanga a úsáid. Is eisceachtaí iad na focail atá i gcló iodálach. Is féidir na gutaí le chéile ag an bhun agus gutaí eile nach iad a theagasc mar ghrúpaí d'fhuaimneanna nó tagann siad le chéile go minic sa chóras litrithe.

Fónaic

Gutaí a Rangú

a/á	e	é	i	í	o/ó	ó	u	ú	(schwa)
cat fear ainm veain ar fhan	le ag greim bhuel	mé léim méar i ndiaidh tae laghad Gaeilge rogha ceird aghaidh	mil siolla Doire na cait uile ar fhill	sí níor mamáí aois nigh mothaigh titfidh tógfaidh iontach croí suí rith culaith bhfaighidh caora	mo seo deoir fóill stól	ón gabh leabhar leon raibh	muc lag tom	tú siúl dúirt bíodh príomh talamh acu stánadh briseadh dom dubh	cóta ocras ciste déanta

Dhá ghuta a dhéanann dhá fhuaim

ua	ia	ái	ai	ói
suas nuair	bia siad	náire cáis	faigh maith	tóin óige

Samplaí d'fhuaimneanna a thagann le chéile go minic i bhfocail

-án	-eoir	(e)ach(t)	(e)ann	mhar	tar
ardán cupán amadán	múinteoir aisteoir bainisteoir	bealach cailleadh poblacht	déanann bialann baineann	fonnmhar sultmhar ciallmhar	tógtar moltar turtar

Fónaic

Céimeanna na bhFuaimeanna sna Mórchanúintí

Baineadh úsáid as an leabhar Fuaimeanna na Gaeilge (Cois Life, 2013) agus an suíomh atá leis, fuaimeanna.ie, leis na samplaí seo a chinntiú. Níl gach fuaim clúdaithe anseo, níl ann ach samplaí leis an chur chuige a léiriú. Is féidir canúintí eile a leagan amach ar an mbealach céanna ach na samplaí thíos a leanúint.

	Ulaidh	Connacht	Mumha
Céim 1 – focail aonsiollacha CG/GC/CGC. Clúdaítear consain, gutaí gear agus gutaí fada. Tá fuaim amháin ag gach litir. Moltar fuaim a dhéanamh i gcomhthéacs focal.	cat, muc, gob, le, fir, lár, túr, rón, gé, rís	cat, muc, gob, le, fir, lár, túr, rón, gé, rís	mar, muc, gob, le, fir, lár, túr, rón, gé, rís
Céim 2 – focail níos faide aonsiollacha CGCC/CCGC/CCGCC. Seasann litir amháin d'fhuaim amháin.	tart, pluc, post, glic, clár, plúr, srón, brí, plé	tart, pluc, post, glic, clár, plúr, srón, brí, plé	tart, pluc, post, glic, clár, plúr, srón, brí, plé
Céim 3 – focail ilsiollacha, is féidir caol agus leathan a phlé nuair atá na páistí réidh. Seasann litir amháin d'fhuaim amháin.	mamó, ómós, pláta, pluma, comórtas, folcadán, minic, ribín	mamó, ómós, pláta, pluma, comórtas, folcadán, minic, ribín	mamó, ómós, pláta, pluma, comórtas, folcadán, minic, ribín
Céim 4 – seasann níos mó ná litir amháin d'fhuaim amháin, díreann aird ar na consain anseo. Déantar na fuaimeanna seo i gcomhthéacs na céille agus na gramadaí agus mínítear na cúiseanna le séimhiú/urú.	crann, carr, capall, bhog, mhol, amach, rothar, dúshlán, phóg, ghlac, dhún, rófhada, rang, i gclann, i mbun, i bpota, i ndún, an tsrón, i bhfolús, ar dtús	crann, carr, capall, bhog, mhol, amach, rothar, dúshlán, phóg, ghlac, dhún, rófhada, rang, i gclann, i mbun, i bpota, i ndún, an tsrón, i bhfolús, ar dtús	crann, carr, capall, bhog, mhol, amach, rothar, dúshlán, phóg, ghlac, dhún, rófhada, rang, i gclann, i mbun, i bpota, i ndún, an tsrón, i bhfolús, ar dtús
Céim 5 – níos mó ná bealach amháin ann le fuaim a rá, m.sh. dán/déan, tír/trá, seo/sa. Beidh sé seo ag brath ar an chanúint maidir leis na rannóga, tiocfaidh na páistí ar phatrúin agus míniú san fhiosrúchán.	dán/déan, sa/seo, trá/tír, naoi/ní, bhog/bhí, mhol/nimh, ghol/an ghé, a dhath/de dhíth, i bhfolús/i bhfírinne, bó/rón, cat/gabhar, fear/leabhar, fios/sioc, chas/lacha, cait/caint, roimh/scoil	dán/déan, sa/seo, trá/tír, naoi/ní, bhog/bhí, mhol/nimh, ghol/an ghé, a dhath/de dhíth, i bhfolús/i bhfírinne fios/sioc, cait/caint, roimh/scoil	dán/déan, sa/seo, trá/tír, naoi/ní, ghol/an ghé, a dhath/de dhíth, fios/sioc, scoil/ar bord loinge/coim
Céim 6 – níos mó ná bealach amháin le fuaim a scríobh. Tá an t-eolas is mó anseo agus bíonn ar pháistí an litriú ceart a fhoghlaim. Má bhíonn roinnt bealaí ann le fuaim a léiriú bíonn ceann amháin acu ceart agus caithfear sin a fhoghlaim. Moltar liosta focal a thabhairt don pháiste le réimse roghanna ar an spriocfhuaim ann le foghlaim. Níl anseo ach roinnt samplaí.	í – sí/níor/mamaí/croí/suí/iontach ú – tú/siúl/dúirt/bíodh/déanamh/acu é – mé/léim/méar/tae/aon á – tá/breá/tháinig/ar fhás/déan ó – bó/dó/cóta/go fóill ó – rón/srón a – cat/fear/ainm/veain/ar fhan h – thug/hanla/chun/shocraigh m – amach/i mbun/m'aintín	í – sí/níor/mamaí/croí/suí/agaibh ú – tú/siúl/dúirt/inniu é – mé/léim/méar/tae/aon á – tá/breá/tháinig/ar fhás/agam ó – bó/dó/cóta/deo/go fóill/srón a – cat/fear/ainm/veain/ar fhan h – thug/hanla/chun/shocraigh m – amach/i mbun/m'aintín	í – sí/níor/mamaí/croí/suí ú – tú/siúl/cúis/ciúin é – mé/léim/méar/tae/aon á – tá/breá/tháinig/ar fhás ó – bó/dó/cóta/deo/go fóill a – cat/fear/ainm/veain/ar fhan h – thug/hanla/chun/shocraigh m – amach/i mbun/m'aintín

Fónaic



Fónaic sa Ghaeilge

Go garbh tá thart ar 40 fuaim le déanamh (ag brath ar chanúint). Ní clár foghraíochta é seo, ach tá an fhoghraíocht mar thúsphointe leis na fuaimanna a rangú ina ngrúpaí. Moltar fuaimanna a theagasc i ngrúpaí atá cosúil lena chéile ar mhaithe le ceachtanna teagaisc. Is le heiseamláir an mhúinteora a dhéanfar idirdhealú idir na mionfhuaimanna. Cuidíonn sé liosta focal i rannóga de réir na bhfuaimanna a theagascfar a

chur le chéile roimh thosú. Is féidir na liostaí seo a athrú ó chanúint go canúint. Is féidir a iarraidh ar pháistí focail ina bhfuil spriocfhuaim a aimsiú i leabhair.

Is fiú an Ghaeilge a bhriseadh síos ina grúpaí nó céimeanna leis an eolas ar fad a chlúdach go leanúnach agus tógáil ar an eolas a chuaigh roimhe. Chuige sin, tá an Ghaeilge briste i gcéimeanna leanúnacha mar atá leagtha amach ar an tábla. (tagairt- Céimeanna na bhFuaimanna sna Mórchanúintí.)

FÓNAIC AGUS FOCAIL RADHAIRC

Bíonn páistí ag tógáil focal radhairc comhthreomhar leis an gcleachtas seo. Cuidíonn na scileanna fónaice leis na straitéisí cuimhne agus le patrúin a aimsiú sa chóras litrithe.

Ag Cur Tús le Clár Fónaice

Ag an tús, sna naíonáin, nó le páistí atá ag tosú ar an gcur chuige seo den chéad uair, is fiú an cleachtas seo a dhéanamh praiticiúil. Moltar an cur chuige seo a phlé le tuismitheoirí agus gníomhaíochtaí a chur abhaile leis na páistí don athchleachtadh. Cuidíonn trealamh ar nós litreacha maignéadacha, cártaí imeartha, cártaí fuaim, boird bhána agus marcóirí, bréagáin nó pictiúir de rudaí ina bhfuil fuaim ar leith. Tosaíonn páistí ag ceangal litir/litreacha (graiféimí) le fuaim, ag díriú ar fhocail ina seasann litir amháin d'fhuaim amháin ar dtús agus ar an léiriú is coitianta nó is fusa.

Fónaic

Ord na bhFuaimneanna

Moltar struchtúr cinnte a leanúint agus tógáil ar an eolas a chuaigh roimhe.

- Tosaítear leis an c.40 léiriú is coitianta de na fuaimneanna sa Ghaeilge, na consain leathana agus chaola is coitianta, na gutaí fada agus gearra agus roinnt fuaimneanna coitianta eile.
- Dhá litir a sheasann d'fhuaim amháin.
- Fuaim is féidir a rá ar roinnt dóigheanna.
- Fuaim is féidir a léiriú ar roinnt dóigheanna, na litrithe malartacha nó bealaí eile leis an bhfuaim chéanna a scríobh. Bíonn na focail is minice, focail radhairc san áireamh ach iad rangaithe de réir fuaim, *m.sh. tháinig, chuaigh, shuigh*

Moltar an t-eolas nua seo a chlúdach chomh luath agus chomh gasta agus is féidir. Níl go leor eolais ag an tús le páistí a chur ag léamh agus ag díchódú na bhfocal is coitianta sa Ghaeilge. Chomh maith leis sin, tá contúirt ann go mbeidh páistí ag síordhíchódú agus ag léamh fuaim amháin le gach litir, *m.sh. t-h-á-i-n-i-g in áit th-ái-n-i-g.*

Léirithe éagsúla den fhuaim trí, mamaí, ina suí, croí, píosa

I dTreo Neamhspleáchais

Is teanga measartha rialta í an Ghaeilge maidir le córas fuaimne agus litrithe. Ba chóir ligean do pháistí patrúin a fhiosrú agus a aimsiú agus an t-eolas seo a chur i gcomhthéacs i gcónaí. Clúdófar gnéithe ar nós séimhiú, urú, iolraí, cúrsaí gramadaí,



Is é an sprioc atá ann páistí a dhéanamh neamhspleách i léitheoireacht na Gaeilge. Baineann an léitheoireacht le gach achar curaclaim agus osclóidh sí doras na foghlama agus ar an dóigh chéanna litriú na Gaeilge mar aon leis.

deirí coitianta na Gaeilge, réimíreanna, iarmhíreanna, an guta cúnata agus iad ar fad i gcomhthéacs litrithe na Gaeilge.

Léireoidh na páistí an t-eolas atá acu ar chóras litrithe na Gaeilge sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht. Is trí fhiosrú, sórtáil agus gníomhaíochtaí a dhéanamh le focail agus frásaí a dhaingítear an t-eolas.

Fónaic

Tagairtí

Boird Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste.
(2011). *Fónaic na Gaeilge, Fiosrú Focal: BELB/An tÁisaonad*
Ar fáil ar líne ag: http://www.stmarys-belfast.ac.uk/aisaonad/Fonaic/Fonaic_na_Gaeilge.html

Breacadh. (2012). *Mar a Déarfá! An Focal Scríofa don Chainteoir Dúchais Gaeilge. Breacadh*

Council for the Curriculum, Examinations and Assessment.
(2014). *Cód na Gaeilge, Ag Fiosrú Focal. CCEA agus J. de Brún.* Ar fáil ar líne ag: <http://www.rewardinglearning.org.uk/codnagaeilge>

Cois Life. (2013). *Fuaimeanna na Gaeilge. Brian Ó Raghallaigh.*
Ar fáil ar líne ag: <http://www.fuaimeanna.ie/ga/>

Léitheoireacht Faoi Threoir

TORTHAÍ FOGHLAMA

- Rannpháirtíocht
- Inspregadh agus rogha
- Gnásanna cló
- Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach
- Fónaic agus aithint focal
- Foclóir léitheoireachta
- Cuspóir, seánra agus guth
- Tuiscint
- Líofacht agus féincheartú

Mar Straitéis Léitheoireachta

Is straitéis í an léitheoireacht faoi threoir le cuidiú le daltaí bheith ina léitheoirí maithe. Is cur chuige teagascach é seo ina riartar ar ábaltachtaí éagsúla sa léitheoireacht i ngrúpaí beaga. Bíonn páistí réidh don léitheoireacht faoi threoir agus scileanna luathlitearthachta

go maith acu. Ag tosú ar an léitheoireacht faoi threoir ba chóir go n-aithneodh páistí gurb í an tuiscint sprioc na léitheoireachta. Ba chóir go mbeadh roinnt focal radhairc ar eolas acu chomh maith le gaol a aithint idir litreacha agus fuaimeanna. Bíonn difreálú sa teagasc sa léitheoireacht faoi threoir le tacú le daltaí atá ag forbairt ag luasanna éagsúla maidir leis na scileanna léitheoireachta. Cuirtear foghlaimeoirí le chéile de réir a n-ábaltachtaí nó de réir a gcuid riachtanas sa léitheoireacht. Is féidir daltaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar shuimeanna nó ar thaithí atá i gcoitinne acu chomh maith. Bíonn ar an múinteoir creat structúrtha a úsáid le cineálacha cur chuige léitheoireachta atá



taighdebhunaithe a chur i bhfeidhm sna ceachtanna seo. Is féidir leis an múinteoir scileanna áirithe léitheoireachta atá taighdebhunaithe a chur i bhfeidhm sna ceachtanna seo. Is féidir leis an múinteoir scileanna áirithe léitheoireachta a theagasc go follasach ar an dóigh seo. Bíonn ar an múinteoir páistí a eagrú sna grúpaí seo, téacsanna cuí a roghnú agus straitéisí léitheoireachta a chur i bhfeidhm i gceachtanna dírithe ar spriocanna cuí. Bíonn an dalta ag léamh, ag plé agus in amanna ag scríobh.

Grúpaí Léitheoireachta

Déantar measúnú ar dhaltaí le láidreachtaí agus laigí a shainiú. Úsáidtear uirlisí éagsúla

Léitheoireacht Faoi Threoir



measúnaithe leis an rang a eagrú i ngrúpa, m.sh. taifead reatha, breathnú agus plé le páistí. Is féidir ansin na páistí a chur i ngrúpaí de réir a gcuid riachtanas. Cé nach ionann gach foghlaimeoir ar gach dóigh bíonn go leor i gcoitinne i ngrúpa mar seo le gur féidir iad a theagasc go héifeachtach mar ghrúpa. Roghnaíonn an múinteoir téacs cuí don ngrúpa a bheidh na páistí ábalta a léamh faoi stiúir. Beidh na páistí ag foghlaim ar luasanna éagsúla,

mar sin, tá gá le measúnú leanúnach agus le taifead reatha. Ba chóir na páistí a mheas ar bhonn rialta agus ba chóir go mbeadh na grúpaí seo sealadach.

Téacsanna agus Straitéisí

Nuair a roghnaítear na leabhair chúí ba chóir go mbeadh na daltaí ag léamh le cruinneas thart ar 90%. Ag an leibhéal seo is féidir leis an léitheoir sult a bhaint as an téacs gan an oiread sin cur isteach, ach spás ann go fóill

don fhoghlaim. Tarlaíonn an fhoghlaim seo faoi stiúir an mhúinteora agus an léitheoireacht neamhspleách mar sprioc. Moltar téacs a roghnú ina bhfuil sprioc áirithe foghlama agus go mbeadh na léitheoirí sa ghrúpa ábalta an téacs seo a léamh le tacaíocht. B'fhéarr go mbeadh cóip den téacs ag gach ball den ghrúpa. Bíonn téacsanna le leibhéal éagsúla in úsáid le léitheoirí a thabhairt feadh an chontanaim ag forbairt agus ag daingniú scileanna de réir a chéile. De réir mar a fhorbraíonn scileanna na léitheoirí cuirtear téacsanna ar fáil ag leibhéal níos airde le freastal ar a gcuid riachtanas. Moltar seánraí éagsúla bheith ar fáil, go príomha ficsean/neamhfhicsean.

RÉIMSE TÉACSANNA

Moltar téacsanna ina bhfuil

- focail ardmhínicíochta ar bhonn rialta
- fuaimeanna áirithe na Gaeilge a thacaíonn le sprioc díchódaithe
- réimse leathan poncaíochta
- comhréir aitheanta a chuideoidh le tuar
- pictiúir shoiléire a thacaíonn leis an téacs, a spreagann plé agus forbairt teanga

Léitheoireacht Faoi Threoir



Plé Roimh Léamh

Bíonn an múinteoir ag obair le grúpa amháin. Iarr ar na páistí sa ghrúpa breathnú ar an leabhar.

- Pléigh an teideal agus lig dóibh ábhar an leabhair a thuar.
- Pléigh seánra an leabhair agus an cineál leabhair atá ann.
- Pléigh na structúir agus na gnásanna éagsúla a bhíonn ag seánraí éagsúla.
- Pléigh an t-ábhar agus eolas atá ag na páistí air.

- Sainathin foclóir nua nó gnéithe sa téacs a bheidh dúshlánach don léitheoir roimh léamh. Is féidir breathnú ar phictiúir an leabhair roimh léamh le foclóir nua a mhíniú nó le téarmaíocht Ghaeilge a chinntiú.
- Léirigh roinnt straitéisí léitheoireachta mar eiseamláir do na páistí.
- Cuir ceisteanna ar na páistí.

CEISTEANNA SAMPLACHA

Cén fáth a bhfuil an teideal sin ar an leabhar?

Cén cineál leabhair é seo? Ficsean/ neamhfhicsean/dráma/treoirleabhar?

Cén dóigh a n-aimsíonn tú eolas i leabhar den chineál seo?

Cad atá ag tarlú sa phictiúr seo?

Cad é an focal Gaeilge atá air seo? (ag díriú ar phictiúr)

An bhfeiceann tú an focal ... sa leabhar seo? Cá bhfuil sé? Breathnaí ar an bhfocal 'isteach' ar leathanach 2. An bhfeiceann sibh focail bheaga ann: is/teach/ach?

Ag Léamh

Lig do na páistí an leabhar a léamh go ciúin leo féin. Is féidir bogadh ó pháiste go páiste ag an bpointe seo ag coimhead ar na páistí agus ag cuidiú nuair is gá. Is féidir leid a thabhairt, ceist a chur a chuideoidh le páiste nó tacaíocht a thabhairt le foclóir. Cuidigh leis na páistí straitéisí cuí

a úsáid, m.sh. pictiúrleid, fuaimeanna i bhfocail, patrún sna litreacha, focail bheaga i bhfocail, ciall na bhfocal.

Léitheoireacht Faoi Threoir



Moltar téacsanna a athléamh le líofacht a dhaingniú. Iarr ar thuismitheoirí, ar pháistí níos sine, srl. léamh le páistí leis an gcleachtadh léitheoireachta a neartú agus a dhaingniú.

Tar Éis Léamh

Agus an leabhar léite ag na páistí is féidir díriú ar ghnéithe áirithe den leabhar. Is féidir ceisteanna a chur ar na páistí

leis an tuiscint a chinntiú agus an léitheoireacht atá déanta acu a mholadh. Is féidir píosaí téacs a athléamh mar chuid den phlé sin le fianaise a léiriú nó le teanga ar leith a léiriú. Cuir ceisteanna tatálacha chomh maith leis an tuiscint a leathnú. Díriú ar na bpáistí ar ghnéithe áirithe le straitéisí ar leith a eiseamláiriú agus leis na scileanna atá acu féin a dhaingniú. Úsáid ceisteanna oscailte le plé a spreagadh.

CEISTEANNA SAMPLACHA

Cad a tharlaíonn sa leabhar?

An sin an rud a shíl tú a bhí ag dul a tharlú ag an tús?

Cad a shíl tú de na pictiúir/grianghraif sa leabhar?

Cad a shíl tú de thús/dheireadh an leabhair?

Ar oibrigh sin go maith?

An bhfuil an leabhar seo cosúil le leabhar eile atá léite agat?

Abair go raibh an Mac Tíre (carachtar eile) ag insint an scéil seo, an mbeadh an scéal difriúil? Cén dóigh?

Cá bhfuil an focal ... sa leabhar?

Cad atá suimiúil faoin bhfocal seo?

Cá bhfuil an frása 'Cé leis é seo?' sa leabhar?

Cad é an freagra ar an gceist seo?

Cá bhfuil an freagra sin sa leabhar?

Taifead Reatha Léitheoireachta

Moltar do mhúinteoirí an treoir don obair mheasúnaithe seo a léamh i bpáirtíocht leis an Ábhar Tacaíochta 'Léitheoireacht faoi Threoir'

Measúnú Múnlaithreach

Déantar Taifead Reatha le léitheoireacht páistí a mheas go minic agus go gasta. Is bealach é le measúnú múnlaithreach a dhéanamh le páistí ar dhóigh leanúnach agus curaclambhunaithe. Léiríonn sé leibhéal léitheoireachta an pháiste agus is féidir é a úsáid le straitéisí éifeachtacha a roghnú le tacú le páistí i bhfoghlaim na léitheoireachta. Is féidir le múinteoirí taifead a choinneáil de dhul chun cinn an pháiste, a shocrú cad iad na rudaí atá le foghlaim agus

leabhair chuí a roghnú don pháiste. Ba chóir taifead reatha a dhéanamh go luath sa bhliain agus ansin ar bhonn leanúnach i rith na bliana. Bíonn an t-eolas seo tábhachtach agus múinteoirí ag pleanáil ceachtanna amach anseo. Is féidir an t-eolas a thabhairt do thuismitheoirí maidir le dul chun cinn a gcuid páistí.



Is féidir an obair seo a dhéanamh i rith am léitheoireachta, roimh nó i ndiaidh am scoile, nó trí chomhoibriú le múinteoir/cúntóir eile. Déantar níos minice é le páistí atá ag forbairt scileanna go fadálach agus a bhfuil spriocanna cinnte de dhíth orthu.

Déantar taifead reatha le téacsanna nach bhfaca an léitheoir roimhe agus le téacsanna atá feicthe ag an léitheoir roimhe. Beidh torthaí agus spriocanna éagsúla leis an dá chur chuige seo agus is fiú nóta a dhéanamh ar an taifead reatha lena léiriú cé acu atá an téacs léite roimhe nó nach bhfuil.

Moltaí

Le Taifead Reatha a dhéanamh, roghnaigh páiste atá ag léamh. Ba chóir don mhúinteoir a mhíniú don pháiste go mbeidh sí/sé ag breacadh síos nótaí ach é a dhéanamh go discrídeach le nach gcuirfear as don pháiste. Moltar an téacs a bheith réamhscríofa má tá múinteoir á dhéanamh seo den chéadair. I ndiaidh ama, éiríonn múinteoirí níos fearr ag an gcleachtas seo agus is leor nótaí a dhéanamh go gasta.

Agus an páiste ag léamh, déanann an múinteoir taifead de na hearráidí. Úsáideann an múinteoir

Taifead Reatha Léitheoireachta

cód marcála ar leith (tagairt) leis na cineálacha earráidí a thaifeadadh. Is fiú chomh maith stadanna nó féincheartúcháin a chlárú nó cuidíonn siad seo le pleanáil an mhúinteora don chéad cheacht eile. Cláraigh chomh maith aon chuidiú a thugann an múinteoir.

PRÓISEAS

1. Cuntais líon na bhfocal sa téacs (gan an teideal)
2. Cuntais líon na n-earráidí agus na bhféincheartúcháin a dhéantar sa léitheoireacht.
3. Úsáid leathanach taifeadta ar a bhfuil téacs an leabhair leis an nodaireacht a dhéanamh.



Earráidí

(Scríobh **E** in aice le focal)

Is ionann é seo agus earráid amháin:

- Malartú focal
- Focal ar lár
- Focal curtha isteach
- Iarracht chontráilte
- Focal a fuarthas ón múinteoir
- Líne iomlán ar lár
- Leathanach iomlán ar lár (ach bain de líon na bhfocal)

Féincheartúcháin

(Scríobh **FC** in aice le focal)

Ní earráidí iad seo, is féincheartúcháin iad:

- Féincheartúchán
- Athrá
- Iarracht cheart
- Fuaimniú amach (cláraigh le línte idir na litreacha)

Ó tharla gur sa Ghaeilge atá na páistí ag léamh tá tábhacht nach beag leis an tuiscint a mheas. Moltar a iarraidh ar an bpáiste an scéal a athinsint ina focail/fhocail féin nó roinnt ceisteanna a fhreagairt le tuiscint a léiriú.

Taifead Reatha Léitheoireachta



Céatadán Cruinnis a Ríomh

Agus an taifead cláraithe, ba chóir don mhúinteoir cuntas a dhéanamh ar an líon earráidí/féincheartúchán. Léiríonn na treoracha thíos an dóigh leis an gcuntas a dhéanamh. Is féidir a oibriú amach ón taifead na hearráidí a bhaineann le ciall, le struchtúr an téacs nó le radharc. Is féidir ansin an ráta cruinnis a oibriú amach agus cóimheas a fháil le líon na n-earráidí agus líon na bhfocal sa leabhar. Bíonn ráta cruinnis ann go ginearálta

faoi 90%, 90-95% agus níos mó ná 95%.

Mar gheall ar an eolas seo, is féidir le páistí forbairt go héifeachtach sa léitheoireacht. Ba chóir go mbeadh an dul chun cinn le feiceáil sa taifead reatha thar bhliain agus is féidir é seo a léiriú go soiléir. Tá leathanach glan don taifead reatha chomh maith le leathanach cláraithe san agusín. Is féidir na hearráidí agus na féincheartúcháin a shainmhíniú le brí (B), struchtúr (S) agus amharc (A).

Ag Cur Tús le Clár Fónaice

Ag an tús, sna naíonáin, nó le páistí atá ag tosú ar an gcur chuige seo den chéad uair, is fiú an cleachtas seo a dhéanamh praiticiúil. Moltar an cur chuige seo a phlé le tuismitheoirí agus gníomhaíochtaí a chur abhaile leis na páistí don athchleachtadh. Cuidíonn trealamh ar nós litreacha maighnéadacha, cártaí imeartha, cártaí fuaimne, boird bhána agus marcóirí, bréagáin nó pictiúir de rudaí ina bhfuil fuaim ar leith. Tosaíonn páistí ag ceangal litir/litreacha (graiféimí) le fuaim, ag díriú ar fhocail ina seasann litir amháin d'fhuaim amháin ar dtús agus ar an léiriú is coitianta nó is fusa.

Earráidí

Líon na bhfocal – líon na n-earráidí = Scór
m.sh. $29 - 5 = 24$

Scór roinnte ar líon na bhfocal iolraithe faoi
 $100 =$ céatadán cruinnis

24 roinnte ar $29 = .8275$ iolraithe ar $100 = 82.75$

Taifead Reatha Léitheoireachta

Féincheartúchán

Léiríonn sé seo ábaltacht an léitheora sa mhonatóireacht ar a léitheoireacht féin.

earráidí + féincheartúcháin =
Líon iomlán m.sh. $6 + 2 = 8$

Líon iomlán roinnte ar na FC =
Ráta m.sh. 8 roinnte ar $2 = 1:4$

Cheartaigh an léitheoir seo é/í féin uair amháin in aghaidh gach ceithre fhocal a léadh go mícheart.

Maidir leis na Céatadáin

95%- 100% Léitheoireacht neamhspleách	Bog an páiste chuig téacs níos airde lena s(h)íneadh
90% - 94% Téacs teagascach	Tá an páiste sínte agus ag foghlaim ag an leibhéal seo
80-89% Téacs deacair	Bog an páiste chuig téacs ag leibhéal níos ísle.



Tagairtí

Clay, M. agus Nig Uidhir, G. (2006). Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht. Heinemann Education.

PM Benchmark Reading Assessment. (2008). Cengage Learning PTY Limited.

CÓD MARCÁLA MOLTA

Léitheoireacht bheacht

Cuir tic le gach focal a léitear i gceart

Malartú focal

Scríobh an focal a dúradh os a chionn

Focal ar lár

Cuir líne os cionn an fhocail atá ar iarraidh

Focal eile a chur isteach

Cuir isteach ^ agus an focal

Athrá

Scríobh A i ndiaidh an fhrása athráite, tarraing saighead chuig tús an fhrása

Iarrann cuidiú

Scríobh C os cionn an fhocail

D'inis an múinteoir an focal

Scríobh M in aice leis an bhfocal

Féincheartúchán

Scríobh FC i ndiaidh an fhocail

Fuaimniú amach

Scríobh an focal os cionn an fhocail atá ann le litreacha scartha

